

Cabhrú le Cur i bhFeidhm Éifeachtach Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Uirlis le haghaidh measúnú
bunaithe ar fhianaise ar
cheisteanna comhionannais
agus chearta an duine



Coimisiún na hÉireann um Chearta
an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

Cabhrú le Cur i bhFeidhm Éifeachtach Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

**Uirlis le haghaidh measúnú
bunaithe ar fhianaise ar
cheisteanna comhionannais
agus chearta an duine**

**Arna fhoilsiú den chéad uair i mí Mheán Fómhair 2020
Ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
16-22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7, D07 CR20.**

Cóipcheart © Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2020

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi reacht ar an 1 Samhain 2014 chun cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn, chun cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn, chun tuiscint agus feachtas ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn, agus chun oibriú i dtreo mí-úsáidí chearta an duine agus idirdhealú a dhíbirt.

ISBN 978-1-913492-01-4

AN RÉAMHRÁ

Is comhcháipéis atá san **Uirlis Measúnaithe** seo a ghabhann le treoir Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas: Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm.¹ Díríonn an uirlis ar an gcéad chéim a éilítear faoin Dualgas: **measúnú ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais** atá ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóir an chomhlachta poiblí.

1. Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2019, ar fáil ar shuíomh an Choimisiúin: <https://www.ihrec.ie/ga/our-work/public-sector-duty>

Éilítear le h**Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014:**

(1) Le linn do chomhlacht poiblí a fheidhmeanna a chomhlíonadh, beidh aird aige ar an ngá atá leis na nithe seo a leanas—

- Idirhealú a dhibirt;
- Comhionannas i ndeiseanna a fhoirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh agus sa chaoi a gcaitear leo a chur chun cinn; agus
- Cearta daonna a chomhaltáí, a fhoirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint.

(2) (a) a leagan amach ina phlean straitéiseach (cibé tuairisc atá air), ar bhealach ina mbeidh teacht ag an bpobal air, **measúnú** ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais a chreideann sé atá ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóir an chomhlachta, agus na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bheartaítear a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin, agus

(b) **tuairisciú** ar bhealach ina mbeidh teacht ag an bpobal air ar fhorbairtí agus éachtaí ina leith sin ina thuarascáil bhliantúil (cibé tuairisc atá air).

I rith an mheasúnaithe déantar ceisteanna comhionannais agus chearta an duine atá ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóir an chomhlachta poiblí a shainaithint bunaithe ar fhianaise agus a chur in ord tosaíochta. Díritear sa mheasúnú ar na **grúpaí sainaitheanta** seo a leanas:

- daoine a chumhdaítear leis na naoi bhforas faoin reachtaíocht chomhionannais: inscne (lena n-áirítear daoine trasinscneacha nó daoine atá ag aistriú go hinscne eile), stádas sibhialta, stádas teaghlaigh (lena n-áirítear tuismitheoirí aonair agus cúramóirí), aois, gnéaschlaonadh, míchumas, cine, creideamh agus duine den Lucht Siúil; agus
- daoine atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta.


Caithfidh an measúnú ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine a bheith ina chuid lárnach de thimthriall straitéiseach pleanála an chomhlachta poiblí. Ba cheart tabhairt faoin measúnú, nuair is féidir, nuair a chuirtear tús le timthriall straitéiseach pleanála nua. Ba cheart tabhairt faoi mheasúnú ar chomhionannas agus cearta an duine ag tús gach timthrialla straitéisigh pleanála ina dhiaidh sin.

Timthriall Straitéiseach Pleanála agus Dualgas na hEarnála Poiblí

Deirtear i dtreoir an Choimisiúin: 'Ag tarraingt ar an bhfianaise atá ar fáil, lena n-áirítear eolas agus taithí fhoireann na heagraíochta agus na ndaoine a gcuireann sí seirbhísí ar fáil dóibh, cuireann an measúnú bonn eolais faoin timthriall straitéiseach pleanála, cur i bhfeidhm agus meastóireachta.'²

2. Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2019. Lch 16.

An Measúnú: nasc leis an timthriall straitéiseach pleanála



Sainaithnítear príomhcheisteanna comhionannais agus chearta an duine agus cuirtear in ord tosaíochta iad sa mheasúnú. Déantar gníomh ansin ar na ceisteanna ar tugadh tú áite dóibh mar chuid lárnach d'ullmhú agus athbhreithniú pleananna straitéiseacha, gach plean oibre bhliantúil, agus gach tuarascála bliantúla.

Dualgas na hEarnála Poiblí: Luachanna á gcur i ngníomh

Bíonn tionchar mór ag cultúr eagraíochta, agus na luachanna a spreagann agus a mhúnláíonn an cultúr sin, ar fheidhmíocht na heagraíochta. Sainaithníodh é sin mar thoisc thábhachtach sa chreat athchóirithe don earnáil phoiblí, *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*. Tá luachanna eagraíochta, dá bhrí sin, lárnach i gcur i bhfeidhm éifeachtach agus leanúnach na gcéimeanna ar fad a éilítear faoin Dualgas agus cultúr eagraíochta um chearta an duine agus comhionannas.

Deirtear i dTreoir an Choimisiúin: 'Is féidir le cur i bhfeidhm an Dualgais cabhrú le heagraíocht luachanna comhionannais agus chearta an duine a shainmhíniú, agus a léiriú, mar a bhaineann siad lena cuspóir, agus le príomhluachanna na hearnála poiblí'.³

Treoraítear go leor comhlachtaí poiblí le croíluachanna, lena n-áirítear iad siúd a dhíríonn ar chomhionannas agus cearta an duine ar nós: meas, rannpháirtíocht, comhpháirtíocht, cumhachtú, ionchuimsiú agus éagsúlacht.⁴ Tugann cur i bhfeidhm an Dualgais deis do chomhlachtaí poiblí a gcroíluachanna um chomhionannas agus cearta an duine a chur in iúl agus a chur in ord tosaíochta nua.

3. Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2019. Lch 19.

4. Féach Gníomh 16 in *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*: Comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar <https://www.ops2020.gov.ie/what-is-ops2020/overview/>

CÚIG CHÉIM CHUN TABHAIRT FAOIN MEASÚNÚ

Measúnú ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine:

Cúig Chéim

1. Ceannaireacht agus Freagracht



2. Fianaise a Bhailiú



3. Ceisteanna Ábhartha a Mheasúnú agus a Chur in Ord Tosaíochta



4. An Dréacht Deiridh a Dheimhniú agus a Fhaomhadh



5. An Measúnú a Fhoilsiú agus a Chur in Iúl

Céim a hAon: Ceannaireacht agus Freagracht


Teastaíonn **ceannaireacht** agus **úinéireacht** na hardbhainistíochta i rith an mheasúnaithe ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine. Ba cheart don fhoireann ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an dul chun cinn ar an Dualgas a chur i bhfeidhm. Ba cheart don fhoireann ardbhainistíochta an measúnú ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine a chomhaontú agus ba cheart é a bhunú go foirmiúil mar chuid lárnach den timthriall straitéiseach pleanála.

Ba cheart go ndéanfaí **tógáil cumais** ina measc siúd a stiúrfaidh agus a chuirfidh an Dualgas i bhfeidhm sula ndéantar an measúnú ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine. D'áireofaí leis sin oiliúint chun tuiscint chomhpháirteach a fhorbairt ar: comhionannas agus cearta an duine; ceanglais an Dualgais; agus cur chuige an chomhlachta poiblí i leith a chur i bhfeidhm.

Ba cheart do **mheitheal inmheánach** tabhairt faoin measúnú (mura bhfuil struchtúr inmheánach éigin i bhfeidhm cheana féin) agus ba cheart go mbeidís siúd freagrach as cur i bhfeidhm an Dualgais sa chomhlacht poiblí. Ba cheart go mbeadh an ardbhainistíocht páirteach sa mheitheal sin agus go mbeadh ionadaíocht ann ó na príomhrannóga agus ranna ar fad, chun a chinntiú go n-áirítear na réimsí feidhme⁵ ar fad.

5. m.sh. seirbhísí corparáideacha; acmhainní daonna; soláthar seirbhísí agus clár; ceapadh beartas; feidhmeanna rialála. Tá tuilleadh sonraí ar Ich 13.

Deirtear i dtreoir an Choimisiúin: 'Áirítear le cuir chuige fhéideartha freagracht as an Dualgas a chuimsiú i struchtúir traseagraíochta atá ann cheana féin, ar nós na foirne ardbhainistíochta, fóraim ina bhfuil cinn ranna, nó struchtúir atá freagrach as réimsí ar nós pleanáil ghnó nó bainistíocht riosca. Nó d'fhéadfadh go mbainfeadh sé le hobair coiste a fhorbairt, ar nós an choiste comhionannais nó an choiste éagsúlachta. In eagraíochtaí níos mó, d'fhéadfaí cuimhneamh ar aonad sonrach a bhunú chun tacú leis an gcur i bhfeidhm'.⁶



6. Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2019. Lch 22.

Céim a Dó: Fianaise a Bhailiú don Mheasúnú

Nuair a shainaithnítear foinsí soiléire faisnéise chun bonn eolais a chur faoi ghrinnscrúdú ceisteanna nó bearnaí, cinntítear cur chuige bunaithe ar fhianaise i leith an mheasúnaithe agus chun ceisteanna a chur in ord tosaíochta. Ná déan dearmad go bhféadfadh an fhaisnéis ábhartha a bheith cainníochtúil nó cáilíochtúil agus ar fáil i d'eagraíocht trí chleachtaí monatóireachta ar chomhionannas agus cearta an duine atá i bhfeidhm cheana féin m.sh. mar cheanglas faoi chlár áirithe maoinithe.

Ba cheart don fhianaise a bhailítear diriú go sonrach ar na grúpaí sainaitheanta. Áirítear leis sin sonraí agus faisnéis ábhartha a shainaithint agus a thiomsú faoi na grúpaí sainaitheanta ar fad, idir chainníochtúil agus cháilíochtúil.

Nuair atá foinsí sonraí agus faisnéise á n-athbhreithniú, tá sé tábhachtach go ndéanfaí machnamh ar an gcaoi a bhféadfadh go mbeadh míbhuntáiste, idirdhealú nó bacainní trasnaithe nó cónasctha os comhair daoine sna grúpaí sin, toisc go mbaineann siad le níos mó ná grúpa sainaitheanta amháin⁷.

Tá raon **foinsí sonraí agus faisnéise** ar fáil do chomhlachtaí poiblí, idir inmheánach agus seachtrach.⁸

7. Cé gur faoi gach comhlacht poiblí mar rialaitheoir sonraí bonn dlí cuí a shainaithint faoi Airteagal 6 agus coinníoll incheadaithe faoi Airteagal 9 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) chun sonraí comhionannais a phróiseáil, tá an bonn dlí agus coinníoll ann anois chun gur féidir le comhlachtaí poiblí sonraí comhionannais a phróiseáil. Cé go bhfuiltear freagrach as sonraí pearsanta a chosaint agus rialacháin a chomhlíonadh, tá sé tábhachtach a chinntiú go mbailítear sonraí ar gach daonra, lena n-áirítear cohóirt mhionlaigh, chun a chinntiú gur féidir anailís staidrimh a úsáid chun bonn eolais a chur faoi reachtaíocht, beartais agus seirbhísí amach anseo. Tá níos mó eolais agus treorach le fáil in Guidelines on Improving the Collection and Use of Equality Data, an Foghrúpa Comhionannais, an Grúpa Ardleibhéil ar Neamh-Idirdhealú, Comhionannas agus Éagsúlacht, an Coimisiún Eorpach, AS um Cheartas agus Tomhaltóirí, an Bhruiséil, 2018.

8. Leagtar amach foinsí fianaise seachtracha sonracha san aguisín a ghabhann leis an bhfoilseachán seo.

Samplaí d'Fhoinsí Sonraí:

Inmheánach	Seachtrach
- Faisnéis agus sonraí a bailíodh ar dhaoine a bhaineann leas as beartais, úsáideoirí seirbhísí agus comhaltaí foirne a sholáthraíonn fianaise ar na ceisteanna a théann i gcion ar ghrúpaí sainaitheanta - Faisnéis agus sonraí a bailíodh trí thionscnaimh taighde nó mheastóireachta le déanaí nó trí struchtúir inmheánacha um chomhionannas agus cearta an duine - Faisnéis agus sonraí a bhíonn ar fáil ó obair idirghníomhaireachta - Gearáin ón bhfoireann agus/nó ó úsáideoirí seirbhísí - Agallaimh le comhaltaí foirne atá ag fágáil a bpoist - Suirbhéanna ar an bhfoireann agus ar chustaiméirí - An clár bainistíochta rioscaí	- Straitéisí náisiúnta beartais a dhíríonn ar an gcomhionannas agus cearta an duine - Moltaí ó chomhlachtaí monatóireachta conartha ar fheidhmíocht na hÉireann faoi ionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine (m.sh. na Náisiúin Aontaithe, Comhairle na hEorpa) - Foilseacháin sonraí oifigiúla - Taighde náisiúnta agus áitiúil ó institiúidí acadúla agus eagraíochtaí sochaí sibhialta - Cinntí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre ar chásanna a tionscnaíodh faoi reachtaíocht chomhionannais agus reachtaíocht um stádas comhionann - Sonraí forbartha áitiúla a bailíodh trí Pobal agus na cuideachtaí forbartha áitiúla

Céim a Trí: Ceisteanna Ábhartha Comhionannais agus Chearta an Duine a Mheasúnú agus a Chur in Ord Tosaíochta

A luaithe a bhailítear na sonraí agus an fhaisnéis, déantar na ceisteanna comhionannais agus chearta an duine a léiríonn na sonraí sin a **mheasúnú** dá n-ábharthacht láithreach do gach ceann d'fheidhmeanna sonracha an chomhlachta poiblí:⁹

- seirbhísí corparáideacha: buiséadú, soláthar, agus maoiniú deontas nó coimisiúnú;
- acmhainní daonna: earcú, ardú céime, dálaí oibre, agus oiliúint foirne agus forbairt gairme;
- soláthar seirbhísí agus clár: dearadh, seachadadh agus meastóireacht ar sheirbhísí agus clár;
- ceapadh beartas: taighde, ceapadh beartas, agus meastóireacht beartas; agus
- feidhmeanna rialála: forbairt rialachán d'earnálacha difriúla, agus monatóireacht agus forfheidhmiú na rialachán.

Cuirtear na ceisteanna in ord tosaíochta ansin. Chabhrófaí leis an ord tosaíochta sin ach an méid seo a leanas a bhunú:

1. Réimsí gníomhartha ag a mbeadh an fhéidearthacht don tionchar is mó:

- go háirithe:
 - gníomhartha a thugann aghaidh ar cheisteanna a bhaineann le cúpla grúpa sainaitheanta; agus/nó
 - gníomhartha a thugann aghaidh ar an neamhionannas ar leibhéal córasach; agus/nó

9. Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2019. Lch 17.

- gníomhartha a mbeadh éifeacht na ndúradán acu ar aghaidh a thabhairt ar chúpla ceist comhionannais agus chearta an duine;

2. Réimsí gníomhartha a éilíonn aird phráinneach:

- go háirithe, gníomhartha a fhreagraíonn do chásanna ina bhfuil dul chun cinn nó folláine grúpa shonraigh nó grúpaí sonracha i mbaol faoi leith;

3. Réimsí gníomhartha a d'fhéadfadh tógáil ar obair reatha an chomhlachta poiblí:

- go háirithe, gníomhartha a thógann ar an obair a rinneadh cheana féin nó atá á déanamh ar cheisteanna sonracha comhionannais agus chearta an duine;

4. Réimsí gníomhartha atá tráthúil chun tacaíocht agus spreagadh a chinntiú ó dheiseanna a thagann chun cinn:

- go háirithe, gníomhartha atá ailínithe le forbairtí a tharla sa chomhlacht poiblí le déanaí.



Céim a Ceathair:

An Dréacht-Mheasúnú Deiridh a Dheimhniú agus a Fhaomhadh

Ba cheart an dréacht-mheasúnú deiridh ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine a sheiceáil ansin, a athrú agus a dheimhniú trí chleachtadh rannpháirtíochta a mbeidh eagraíochtaí sochaí sibhialta agus comhaltaí foirne atá ionadaíoch ar na grúpaí sainaitheanta páirteach ann.¹⁰ Ba cheart an measúnú a bhreithniú agus a fhaomhadh ansin ar leibhéal na hardbhainistíochta.

Cur Chuige Bunaithe ar Fhianaise a Úsáid: Tábhacht an Chomhairliúcháin

Deirtear i dtreoir an Choimisiúin: 'Tá comhairliúchán agus rannpháirtíocht tábhachtach ó thús deireadh an phróisis chun dualgas na hearnála poiblí a mheasúnú, aghaidh a thabhairt air, agus tuairisciú air. Cabhraíonn comhairliúchán leis an bhfoireann agus leo siúd a úsáideann na seirbhísí le measúnú bunaithe ar fhianaise ar chearta an duine agus comhionannas a fhorbairt; is féidir leis bonn eolais a chur freisin faoin gcaoi is éifeachtaí a bhféadfadh eagraíocht aghaidh a thabhairt ar a gníomhartha tosaíochta; agus is féidir leis a bheith ina chuid den mhonatóireacht leanúnach ar dhul chun cinn na ngníomhartha tosaíochta sin'.¹¹

10. D'fhorbair Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas uirlis do chur chuige sainchomhairleachta chun tacú le cur i bhfeidhm an dualgaís. Ar fáil ar <https://www.ihrec.ie/ga/our-work/public-sector-duty>

11. Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2019. Lch 26.

Céim a Céig:

An Measúnú ar Cheisteanna Comhionannais agus Chearta an Duine a Fhoilsiú agus a Chur in Iúl

Éilítear go leagtar amach an measúnú sa phlean straitéiseach. D'fhéadfaí an chumarsáid phoiblí ar an measúnú a neartú trína chur ar fáil ar:

- láthair inrochtana ar an suíomh gréasáin;
- ábhair chumarsáide seachtraí;
- tuarascáil bhliantúil an chomhlachta phoiblí nó tuarascálacha ábhartha eile;
- an beartas, plan, clár nó nós imeachta a rabhtas ag obair air; agus
- ábhair chumarsáide agus próisis inmheánacha ábhartha don fhoireann.

Cás-staidéar

Leag údarás áitiúil a thiomantas amach chun Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm ina Phlean Corparáideach, le roinnt sonraí faoi na céimeanna a bhí le déanamh, lena n-áirítear tiomantas chun tabhairt faoi mheasúnú ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine. Tagann an cheannaireacht ón bPríomhfheidhmeannach a shainaithin é seo mar thosaíocht agus a bhí páirteach go díreach ag tréimhsí tábhachtacha i gcur i bhfeidhm an Dualgais. Sannadh freagracht as cur i bhfeidhm an Dualgais a bhrú chun cinn ar ardbhainisteoir.

Bunaíodh grúpa tionscadail inmheánach chun dul chun cinn a dhéanamh ar an obair, faoi stiúir an ardbhainisteora a bhí freagrach as an Dualgas. Bhí ionadaithe ó na príomhréimsí feidhme ar fad san údarás áitiúil sa ghrúpa tionscadail. Is comhaltai foirne iad formhór na mball ag a bhfuil róil ainmnithe a áiríonn gné chomhionannais nó chearta an duine.

Ghlac an grúpa tionscadail páirt i gceardlanna oiliúna ar: an Dualgas agus a cheanglais; cur chuige á stiúradh ag luachanna a úsáid don Dualgas; tuiscint chomhpháirteach ar chomhionannas agus cearta an duine, agus uaillmhian dóibh, a bhunú; agus scileanna chun na céimeanna a éilíonn an Dualgas a chur i bhfeidhm. D'fhorbair an grúpa tionscadail cur chuige chun an Dualgas a chur i bhfeidhm i ngach feidhm den eagraíocht.

Rinne an grúpa tionscadail dréacht-mheasúnú ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine. D'fhiosraigh gach ball foinse shonrach áitiúil nó náisiúnta sonraí agus faisnéise chun sonraí agus faisnéis ábhartha a bhailiú faoi na grúpaí sainaitheanta. Tiomsaíodh an t-ábhar sin ansin, measúnaíodh é dá ábharthacht, agus cuireadh in ord tosaíochta é do ghníomh ag cruinnithe an ghrúpa tionscadail.

Óstáladh fócasghrúpaí ar an Dualgas do ghrúpaí foirne i gceithre réimse seirbhísí an údaráis áitiúil. Dá bharr sin baineadh amach: tuiscint chomhpháirteach ar an Dualgas agus na luachanna atá mar bhonn faoi chur chuige na heagraíochta i leith an Dualgais; agus rannchuidiú níos leithne na foirne leis an measúnú ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine. Thug na comhaltaí foirne sin faoin bhfaisnéis a cuireadh ar fáil a scaipeadh tuilleadh.

Rinneadh an dréacht-mheasúnú ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine a sheiceáil, a athrú agus a dheimhniú ag ceardlann sochaí sibhialta. Bhí ionadaithe ó eagraíochtaí áitiúla sochaí sibhialta páirteach ansin a dhéanann ionadaíocht ar leasanna na ngrúpaí sainaitheanta difriúla. Bhí caidrimh oibre ag go leor de na heagraíochtaí sin leis an údarás áitiúil cheana féin.

I ndiaidh don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann ardbhainistíochta é a fhaomhadh, foilseofar an measúnú agus an plean gnímh ar shuíomh gréasáin an údaráis áitiúil. Tá sé le húsáid chun an plean gnímh don Dualgas a chur i bhfeidhm, ionas go mbeidh gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna ar tugadh tús áite dóibh san áireamh i ngach plean oibre agus nós imeachta.

Ghlac an grúpa tionscadail Téarmaí Tagartha foirmiúla agus fónann siad mar an mheitheal inmheánach don chéad tréimhse cur i bhfeidhm eile don Dualgas.



Seicliosta

An ndearnamar an méid seo a leanas?

- ✓ An measúnú ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine agus a athbhreithniú leanúnach a chomhtháthú inár **dtimthriall straitéiseach pleanála**?
- ✓ **An cheannaireacht agus úinéireacht** a theastaíonn ar leibhéal bainistíochta don Dualgas a bhunú?
- ✓ **Meitheal inmheánach** a chruthú nó a shainaitheint don Dualgas?
- ✓ **An t-eolas agus na scileanna** a theastaíonn a fhorbairt ina measc siúd atá freagrach as an Dualgas?
- ✓ **Sonraí agus faisnéis leordhóthanach** faoi na grúpaí sainaitheanta a bhailiú agus a athbhreithniú?
- ✓ **Feidhmeanna** uile na heagraíochtaí a chur san áireamh sa measúnú?
- ✓ Ceisteanna ábhartha comhionannais agus chearta an duine **a chur in ord tosaíochta** don ghníomh?
- ✓ An measúnú ag an gcéim dréachtaithe a athbhreithniú agus a dheimhniú le **heagraíochtaí sochaí sibhialta** atá ionadaíoch ar na grúpaí sainaitheanta agus an **foireann**?
- ✓ An measúnú ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine **a chur in iúl** don fhoireann, d'úsáideoirí seirbhísí agus don phobal i gcoitinne?

Aguisín Foinsí na Fianaise Seachtraí

Tá an t-eolas is deireanaí ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ag www.ihrec.ie

Treoir maidir le Sonraí Comhionannais

[Guidelines on Improving the Collection and Use of Equality](#)

[Data](#), an Foghrúpa Comhionannais, an Grúpa Ardleibhéil ar Neamh-Ildirdhealú, Comhionannas agus Éagsúlacht, an Coimisiún Eorpach, AS um Cheartas agus Tomhaltóirí, an Bhruiséil, 2018.

Creat Beartais Náisiúnta

Tá raon beartais náisiúnta ar fáil a thugann aghaidh go díreach ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine, cuid díobh atá dírithe ar ghrúpaí faoi leith. Áirítear leis na straitéisí sonraí cúlra agus anailís chun tacú leis an straitéis, a léiríonn, i dteannta na ngníomhartha sainaitheanta, ceisteanna a shainaithin ranna rialtais nuair a bhí an straitéis á forbairt. Dá bhrí sin, is foinse faisnéise luachmhar agus inrochtana iad na straitéisí sin faoi cheisteanna ábhartha comhionannais agus chearta an duine ar fud na ngrúpaí sainaitheanta:

1. [An Straitéis maidir le hlmeascadh na nimirceach: Eolas an Bhealaigh don Am atá Romhainn](#). An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
2. [The National Disability Strategy Inclusion Strategy 2017-2021](#). An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
3. [Comprehensive Employment Strategy for People with Disabilities 2015-2024](#). An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
4. [Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní 2017-2020: Sochaí Níos Fearr a Chruthú do Chách](#). An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
5. [The National Traveller and Roma Inclusion Strategy 2017-2021](#). An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

6. [LGBTI+: Straitéis Óige Náisiúnta 2018-2020: Daoine óga LGBTI+: infheicthe, ardmheas orthu agus curtha san áireamh](#). An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.
7. [An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTI+ 2019-2021](#). An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
8. [Positive Ageing Starts Now: The National Positive Ageing Strategy](#). An Roinn Sláinte.
9. [Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Creatlach an pholasaí náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga \(2014 – 2020\)](#). An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.
10. [National Youth Strategy 2015-2020](#). An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.
11. [Roadmap for Social Inclusion 2020 - 2025](#). An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Foilseacháin Sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh

Foilsíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO), trí shonraí an daonáirimh agus suirbhéanna náisiúnta eile, raon suntasach sonraí ábhartha faoi chúrsaí comhionannais agus chearta an duine. Cuirtear é sin i láthair i bhfoirm ghrafach go minic, a sholáthraíonn fianaise atá éasca le rochtain. Áirítear le suirbhéanna agus tuairiscí atá ábhartha do na grúpaí sainaitheanta go háirithe:

1. [Equality and Discrimination, Quarter 1](#) 2019.
2. [Survey on Income and Living Conditions 2017](#).
3. [Women and Men in Ireland, 2016](#).
4. [Census of Population 2016 – Profile 8: Irish Travellers, Ethnicity, and Religion](#).
5. [Census of Population 2016 – Profile 9: Health, Disability, and Carers](#).

Foilseacháin Taighde Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus ESRI¹

D'fhoilsigh an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) raon leathan tuarascálacha taighde agus ailt irise a bhaineann le comhionannas agus cearta an duine a sholáthraíonn bonn fianaise chun ceisteanna comhionannais agus chearta an duine a shainaithint. Go háirithe, d'fhoilsigh siad iad seo a leanas mar chuid den Chlár Taighde ar Chearta an Duine agus Comhionannas atá siad a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an gCoimisiún:

1. [Caring and Unpaid Work in Ireland](#), Helen Russell, Raffaele Grotti, Frances McGinnity agus Ivan Privalko, Iúil 2019.
2. [Ethnicity and Nationality in the Irish Labour Market](#), Frances McGinnity, Raffaele Grotti, Sarah Groarke & Sarah Coughlan, ESRI agus IHREC Nollaig 2018.
3. [Disability and Discrimination in Ireland: Evidence from the QNHS Equality Modules 2004, 2010, 2014](#), JJoanne Banks, Raffaele Grotti, Éamonn Fahey agus Dorothy Watson, ESRI agus IHREC, Deireadh Fómhair 2018.
4. [Discrimination and Inequality in Housing in Ireland](#), Raffaele Grotti, Helen Russell, Éamonn Fahey, Bertrand Maître, Meitheamh 2018.
5. [Attitudes to Diversity in Ireland](#), Frances McGinnity, Raffaele Grotti, Helen Russell agus Éamonn Fahey, Márta 2018..
6. [Who experiences discrimination in Ireland? Evidence from the QNHS Equality Modules](#), Frances McGinnity, Raffaele Grotti, Oona Kenny agus Helen Russell, Samhain 2017.

1. D'ullmhaigh an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta na tuarascálacha sin do Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas mar chuid den Chlár Taighde ar Chearta an Duine agus Comhionannas.

Dlíthe Idirnáisiúnta i leith Chearta an Duine

Tá Éire ina páirtí i raon conarthaí idirnáisiúnta um chearta an duine. Déanann na coistí ábhartha Eorpacha nó sna Náisiúin Aontaithe monatóireacht orthu sin ar bhonn tuarascálacha a sholáthraíonn rialtas na hÉireann. Ullmhaíonn an tsochaí shibhialta agus an Coimisiún tuarascálacha comhthreomhara freisin mar chuid den phróiseas sin. De bhun a mheasúnaithe, foilsíonn na coistí tátail agus déanann siad moltaí.

Mar shampla, soláthraíonn na **Breathnuithe Deiridh** ó Choistí éagsúla de chuid na Náisiúin Aontaithe foinse luachmhar agus inrochtana faisnéise ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine a bhaineann le hÉirinn². Sainaithníonn siad gnéithe dearfacha maidir leis an gcoinbhinsiún ar leith, tarraingíonn siad ábhar imní anuas, agus déanann siad moltaí:

1. An Coinbhinsiún maidir le Cearta **Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha**, óna dteastaíonn tuairisciú tréimhsiúil. Na breathnuithe deiridh is deireanaí: An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadaíochta, Concluding observations on the third periodic report of Ireland, E/C.12/IRL/CO/3, na Náisiúin Aontaithe, 8 Iúil 2015.
2. An Coinbhinsiún maidir le **Cearta Sibhialta agus Polaitiúla**, óna dteastaíonn tuairisciú tréimhsiúil. An tsraith breathnuithe deiridh is deireanaí: An Coiste um Chearta an Duine, Concluding observations on the fourth periodic report of Ireland, CCPR/C/IRL/CO/4, na Náisiúin Aontaithe, 19 Lúnasa 2014.
3. An Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú, óna dteastaíonn tuairisciú tréimhsiúil. Na breathnuithe deiridh is deireanaí: An Coiste maidir le gach cineál Idirhealaithe in aghaidh na mBan a

2. Tá stór de na breathnuithe deiridh a rinne comhlachtaí monatóireachta conartha na Náisiúin Aontaithe, agus breathnuithe deiridh faoi Éirinn go sonrach, ar fáil ar shuíomh gréasáin Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine www.ohchr.org agus is féidir teacht orthu: [ANSEO](http://www.ohchr.org)

Dhíothú, Concluding observations on the combined sixth and seventh periodic reports of Ireland, CEDAW/C/IRL/CO/6-7, na Náisiúin Aontaithe, 9 Márta 2017.

4. An Coinbhinsiún maidir le **hIdirdhealú Ciníoch** a Dhíothú, óna dteastaíonn tuairisciú tréimhsiúil. Breathnuithe deiridh: Concluding observations of the Committee on the Elimination of Racial Discrimination, CERD/C/IRL/CO/5-9, na Náisiúin Aontaithe, 23 Eanáir 2020.
5. An Coinbhinsiún um Chearta an **Linbh**, óna dteastaíonn tuairisciú tréimhsiúil. Na breathnuithe deiridh is deireanaí: An Coiste um Chearta an Linbh, Concluding observations on the combined third and fourth periodic reports of Ireland, CRC/C/IRL/CO/3-4, na Náisiúin Aontaithe, 1 Márta 2016.
6. An Coinbhinsiún in aghaidh **Céastóireachta** agus in aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Cruálach, Mídhonna nó Táireach, óna dteastaíonn tuairisciú tréimhsiúil. Na breathnuithe deiridh is deireanaí: An Coiste in aghaidh Céastóireachta, Concluding observations on the second periodic report of Ireland, CAT/C/IRL/CO/2, na Náisiúin Aontaithe, 31 Lúnasa 2017.
7. An Coinbhinsiún ar Chearta **Daoine atá faoi Mhíchumas**, óna dteastaíonn tuairisciú tréimhsiúil.

D'fhorbair an Coimisiún sraith Tuarascálacha Comhthreomhara a ghabhann leis an bpróiseas monatóireachta agus a chuireann bonn eolais faoi, tuarascálacha ar foinsí saibhre fianaise iad don mheasúnú ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine. Tá an Coimisiún tar éis aighneachtaí a chur faoi bhráid comhlachtaí monatóireachta conartha san Eoraip freisin – féach ar an rannóg tuairiscithe idirnáisiúnta ar ár suíomh gréasáin ar <https://www.ihrec.ie/ga/reports-international-bodies>

1. [Submission to the UN Committee against Torture on the List of Issues for the Third Examination of Ireland](#), Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, Eanáir 2020.

2. [Ireland and the Convention on Racial Discrimination, Submission to the United Nations Committee on Racial Discrimination on Ireland's Combined Fifth to Ninth Periodic Report](#), Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, Deireadh Fómhair 2019.
3. [Comments on Ireland's 16th National Report on the implementation of the European Social Charter](#), Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, Bealtaine 2019.
4. [Submission to the Universal Periodic Review of the UN Human Rights Council: Second Cycle Mid-Term Review](#), Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, Aibreán 2019.
5. [Ireland and the Convention on the Elimination of all forms of Discrimination Against Women, Submission to the United Nations Committee on the Elimination of Discrimination Against Women on Ireland's Combined Sixth and Seventh Periodic Reports](#), Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, Eanáir 2017.
6. [Irish Human Rights and Equality Commission Report, Ireland and the International Covenant on Economic, Social, and Cultural Rights](#), Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, Bealtaine 2015.
7. [Ireland and the United Nations Convention on the Rights of the Child, report by the Irish Human Rights and Equality Commission to the UN Committee on the Rights of the Child on Ireland's Combined Third and Fourth Periodic Reports](#), Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, Nollaig 2015.
8. [Irish Human Rights Commission Submission to the UN Human Rights Committee on the Examination of Ireland's Fourth Periodic Report under the International Covenant on Civil and Political Rights](#), Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, Meitheamh 2014.



**16-22 Sráid na Faiche,
Baile Átha Cliath 7, D07 CR20**
16-22 Green Street,
Dublin 7, D07 CR20

Guthán/Phone + 353 (0) 1 858 9601
Ríomhphost/Email info@ihrec.ie
Idirlíon/Web www.ihrec.ie